QQI

Quality and Qualifications Ireland
Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann

# DEARBHÚ CÁILÍOCHTA AGUS CÁILÍOCHTAÍ ÉIREANN (AN QQI)

## RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

www.QQI.ie

# CLÁR


| | | |
|---|---|---|
| **1.** | FAISNÉIS MAIDIR LEIS AN QQI | 3 |
| **2.** | TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE | 4 |
| **3.** | RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS | 5 - 6 |
| **4.** | RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN BHOIRD | 7 - 8 |
| **5.** | RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COIMEÁDTA IONCAIM | 9 |
| **6.** | RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH | 7 - 8 |
| **7.** | RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS | 10 |
| **8.** | RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID | 11 |
| **9.** | NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 12 |

# FAISNÉIS MAIDIR LEIS AN QQI

| | |
|---|---|
| **Seoladh an QQI:** | 26/27 Lána Denzille<br>Baile Átha Cliath 2<br>Éire |
| **Príomhfheidhmeannach:** | An Dr. Padraig Walsh - Príomhfheidhmeannach<br>Dr. Anna Murphy - Anailíseoir Straitéiseach Sinsearach<br>An Dr. Bryan Maguire - Stiúrthóir Dearbhaithe Cáilíochta<br>Mr. Ultan Tuite - Stiúrthóir Rialachais & TFC<br>Ms Barbara Kelly - Stiúrthóir Cáilíochtaí<br>Ms Claire Byrne - Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha, Pleanáil Straitéiseach & Cumarsáid |
| **Comhaltaí an Bhoird:** | Mr. Gordon Clark – Cathaoirleach<br>An Dr. Barbara Brittingham<br>Ms Una Buckley<br>Mr. Thomas McDermott (Ceaptha an 15 Meitheamh 2015)<br>Ms. Mary Danagher<br>An Dr Ann Louise Gilligan<br>Ms. Joanne Harmon<br>Mr. James Moore<br>Mr. Jack Leahy<br>An Dr. Margaret Cullen (Ar scor ón 23 Eanáir 2015)<br>An Dr. Padraig Walsh – Príomhfheidhmeannach |
| **Banc:** | Banc-Aontas Éireann<br>1 Sráid Bhagóid, Íochtarach,<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Dlíodóirí:** | Brian Whitaker & Co Solicitors<br>4 Plás Dartmouth<br>Baile Átha Cliath 6 |
| **Iniúchóirí:** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3a Sráid an Mhéara, Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Suíomh Gréasáin:** | www.QQI.ie |

# 1. TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

## QUALIFICATIONS AND QUALITY ASSURANCE AUTHORITY OF IRELAND

I have audited the financial statements of the Qualifications and Quality Assurance Authority of Ireland for the year ended 31 December 2015 under the Qualifications and Quality Assurance (Education and Training) Act 2012. The financial statements comprise the statement of income and expenditure and retained revenue reserves, the statement of comprehensive income, the statement of financial position, the statement of cash flows and the related notes. The financial statements have been prepared in the form prescribed under Section 23 of the Act, and in accordance with generally accepted accounting practice.

## RESPONSIBILITIES OF THE MEMBERS OF THE AUTHORITY

The Authority is responsible for the preparation of the financial statements, for ensuring that they give a true and fair view and for ensuring the regularity of transactions.

## RESPONSIBILITIES OF THE COMPTROLLER AND AUDITOR GENERAL

My responsibility is to audit the financial statements and to report on them in accordance with applicable law.

My audit is conducted by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation.

My audit is carried out in accordance with the International Standards on Auditing (UK and Ireland) and in compliance with the Auditing Practices Board's Ethical Standards for Auditors.

## SCOPE OF AUDIT OF THE FINANCIAL STATEMENTS

An audit involves obtaining evidence about the amounts and disclosures in the financial statements, sufficient to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or error. This includes an assessment of

- whether the accounting policies are appropriate to the Authority's circumstances, and have been consistently applied and adequately disclosed
- the reasonableness of significant accounting estimates made in the preparation of the financial statements, and • the overall presentation of the financial statements.

I also seek to obtain evidence about the regularity of financial transactions in the course of audit.

In addition, I read the Authority's annual report to identify material inconsistencies with the audited financial statements and to identify any information that is apparently materially Incorrect based on, or materially inconsistent with, the knowledge acquired by me in the course of performing the audit. If I become aware of any apparent material misstatements or inconsistencies, I consider the implications for my report.

## OPINION ON THE FINANCIAL STATEMENTS

In my opinion, the financial statements:

- give a true and fair view of the assets, liabilities and financial position of the Authority as at 31 December 2015 and of its income and expenditure for 2015; and
- have been properly prepared in accordance with generally accepted accounting practice.

In my opinion, the accounting records of the Authority were sufficient to permit the financial statements to be readily and properly audited. The financial statements are in agreement with the accounting records.

## MATTERS ON WHICH I REPORT BY EXCEPTION

I report by exception if I have not received all the information and explanations I required for my audit, or if I find • any material instance where money has not been applied for the purposes Intended or where the transactions did not conform to the authorities governing them, or

• the information given in the Authority's annual report is not consistent with the related financial statements or with the knowledge acquired by me in the course of performing the audit, or

• the statement on internal financial control does not reflect the Authority's compliance with the Code of Practice for the Governance of State Bodies, or

• there are other material matters relating to the manner in which public business has been conducted. have nothing to report in regard to those matters upon which reporting is by exception.

Patricia Sheehan

For and on behalf of the Comptroller and Auditor General

30 September 2016

# 2. RÁITEAS AR AN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS

## FREAGRACHT AS CÓRAS AN RIALAITHE INMHEÁNAIGH AIRGEADAIS

Thar ceann chomhaltaí an QQI admhaím an fhreagracht atá orainn as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe inmheánach airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, seachas dearbhú amach is amach, a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, bearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus earráidí ábhartha agus mírialtachtaí eile a chosc nó go bhféadfaí iad a bhrath go tráthúil.

## NA PRÍOMHNÓSANNA IMEACHTA RIALAITHE

Tá bearta déanta ag an mBord d'fhonn timpeallacht chuí rialaithe a chinntiú, trí:

- Cruinnithe rialta a sceidealú ag ar cuireadh tuarascálacha cothrom le dáta ar chaiteachas ar fáil don Bord;
- Coiste Iniúchóireachta a chur ar bun. Áirítear ar a théarmaí tagartha córais a chinntiú trína ndéanfar rialú inmheánach airgeadais a oibriú agus fheabhsú go leanúnach;Freagrachtaí bainisteoirí a shainiú go soiléir, mar aon leis an gcuntasacht a ghabhann leis sin;
- Monatóireacht agus tuairisciú ar an bpróiseas;
- Prionsabail an rialachais chorparáidigh, atá sa Chód Cleachtais um Rialú Comhlachtaí Stáit a ghlacadh, lena n-áirítear:
    - Comhlíonadh na dtreoirlínte soláthair mar atá leagtha amach sa Chód a dhearbhú.
    - Comhlíonadh dhiúscairt sócmhainní agus rochtain tríú páirtithe ar shócmhainní, mar atá leagtha amach sa Chód, a dhearbhú.
    - Athbhreithniú agus críochnú a dhéanamh ar bheartais agus nósanna imeachta trína gcinntítear go bhfuil éifeacht leis na córais um rialú inmheánach airgeadais a chinntiú.
    - Nósanna imeachta foirmiúla a bhunú chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint.

## MEASÚNÚ RIOSCA

Tá próisis bunaithe ag an QQI chun rioscaí airgeadais agus rioscaí gnó a shainaithint agus a mheas, trí:

- Nádúr agus méid na rioscaí airgeadais atá os comhair an Bhoird a shainaithint.
- A dhóchúla atá sé go bhfíorófaí rioscaí sainaitheanta a mheasúnú.
- Measúnú agus meastóireacht a dhéanamh ar chumas inmheánach an Bhoird chun na rioscaí a fíoraíodh iarbhír a bhainistiú.

## MEICNÍOCHT RIALÁLA

Bunaítear córas na rialuithe inmheánacha airgeadais ar chreat d'fhaisnéis rialta bainistíochta, córas tarmligthe agus cuntasachta, sraith nósanna imeachta airgeadais, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus seiceálacha leanúnach diana a dhéanann an fheidhm airgeadais. Áirítear air go sonrach:

- Córas cuimsitheach buiséadta agus buiséad bliantúil a dhéanann an comhaltaí an Bhoird a athbhreithniú agus a cheadú.
- Teorainneacha údaraithe a shocrú d'íocaíochtaí amach chistí an Bhoird.
- Athbhreithniú rialta a dhéanann comhaltaí an Bhoird ar fhaisnéis agus ar thuarascálacha airgeadais thréimhsiúil agus bhliantúil (lena n-áirítear cuntais bhainistíochta), a léiríonn feidhmiú airgeadais i gcomparáid le buiséid.

## BUNAÍODH AN COISTE INIÚCHÓIREACHTA I 2013. BHÍ CÚIG CHRUINNIÚ AG AN GCOISTE INIÚCHÓIREACHTA I 2015.

Ba é an bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an Bhoird ar a éifeachtaí atá an córais rialaithe inmheánaigh airgeadais an tIniúchóir Inmheánach, an Coiste Iniúchóireachta a mhaoirsíonn obair an Iniúchóra Inmheánaigh, agus na bainisteoirí feidhmiúcháin san eagraíocht a raibh freagracht orthu as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais.

Bhí meicníochtaí bunaithe chun leordhóthanacht shlándail na gcóras Theicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide a chinntiú, meicníochtaí lenar áiríodh beartais agus nósanna imeachta cuí rialaithe a bhunú.

## ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL AR RIALUITHE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2015

Deimhnímid gur sheol an Bord athbhreithniú ar a éifeachtaí atá córas an rialaithe inmheánaigh airgeadais maidir leis an mbliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2015.

Arna shíniú thar ceann Bhord an QQI:

**Gordon Clark**
Cathaoirleach

**Padraig Walsh**
Príomhfheidhmeannach

# 3. RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN BHOIRD

Bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (an QQI) an 6 Samhain 2012 faoi Alt 7 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012.

Is iad seo a leanas cuspóirí an QQI:

- Cáilíocht sholáthraithe breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna agus a gcuid seirbhís taighde agus seirbhísí gaolmhara a dhearbhú.
- An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí a chur ar aghaidh, a fhorbairt agus a chothabháil
- Cláir a bhailíochtú agus dámhachtainí a dhéanamh
- An pobal a chur ar an eolas maidir le cáilíocht na gclár agus na gcáilíochtaí oideachais agus oiliúna
- Comhairle a chur ar an Aire Oideachais agus Scileanna i dtaca le beartas náisiúnta ar dhearbhú agus feabhsú cáilíochta i gcúrsaí oideachais agus oiliúna.

Ceanglaíonn Alt 23 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012 ar an QQI ráitis airgeadais a ullmhú i bhfoirm a cheadóidh an tAire Oideachais agus Scileanna tar éis dul i gcomhairle leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú, ceanglaítear ar an Údarás:

- Beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach
- Breithiúnais agus meastacháin réasúnta stuama a dhéanamh.
- Na cuntais a ullmhú ar bonn gnóthais leantaigh, ach amháin más neamhchuí a cheapadh go leanfaidh an QQI dá ghnó.
- Aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhme a nochtadh agus a mhíniú.

Deimhníonn an Bord gur chomhlíon siad na ceanglais thuas agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád a insíonn tráth ar bith stádas airgeadais an QQI agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais alt 23 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012. Tá an Bord freagrach, leis, as a shócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnacha a dhéanamh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Arna shíniú thar ceann Bhord an QQI:

| | |
|---|---|
| **Gordon Clark** | **Padraig Walsh** |
| Cathaoirleach | Príomhfheidhmeannach |

# 4. RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ COIMEÁDTA IONCAIM DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

| | | | ATHRÁITE |
|---|---|---|---|
| | NÓTA | 2015 | 2014 |
| IONCAM | | € | € |
| DEONTAS | 3 | 3,600,000 | 5,500,000 |
| IONCAM Ó THÁILLÍ | 4 | 5,345,397 | 4,914,990 |
| IONCAM Ó IASACHTAÍ FOIRNE | 6 | 368,594 | 192,977 |
| IONCAM Ó THIONSCADAIL AE | 5 | 721,066 | 642,431 |
| IONCAM EILE | 7 | 260,251 | 219,670 |
| ÚS AR THAISCÍ | | 713 | 1,564 |
| | | 10,296,021 | 11,471,632 |
| AISTRIÚ ÓN GCUNTAS CAIPITIL | 21 | 678,554 | 633,902 |
| GLANMHAOINIÚ IARCHURTHA LE HAGHAIDH PINSEAN | 28(B) | 1,557,000 | 1,930,000 |
| | | 12,531,575 | 14,035,534 |
| CAITEACHAS | | | |
| COSTAIS FOIRNE | 8 | 6,880,117 | 7,562,386 |
| COSTAIS CHÓIRÍOCHTA | 11 | 917,827 | 861,447 |
| COSTAIS AN BHOIRD | 9 | 12,812 | 12,326 |
| SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA | 12 | 822,776 | 598,617 |
| QUALIFAX | 13 | 20,505 | 10,126 |
| TÁILLÍ AGUS COSTAIS TAISTIL PAINÉAL | 14 | 69,589 | 153,436 |
| CAITEACHAS TIONSCADAIL EQAVET | 5(A) | 388,616 | 446,342 |
| COSTAIS AN RIARACHÁIN LÁIR | 15 | 429,772 | 430,343 |
| TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CUMARSÁIDE | 16 | 1,901,601 | 2,666,263 |
| DÍMHEAS | 17 | 835,940 | 828,635 |
| | | 12,279,555 | 13,569,921 |
| BARRACHAS DON TRÉIMHSE | | 252,020 | 465,613 |
| IARMHÉID A TUGADH AR AGHAIDH AG 1 EANÁIR | | 633,142 | 167,529 |
| IARMHÉID A TUGADH AR AGHAIDH AG 31 NOLLAIG | | 885,162 | 633,142 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1-30. Le gníomhaíochtaí leanúnacha don bhliain a bhaineann gach ioncam agus caiteachas.



**Gordon Clark**

Cathaoirleach



**Padraig Walsh**

Príomhfheidhmeannach

# 5. RÁITEAS AR IONCAM CUIMSITHEACH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

| | NÓTA | 2015 | ATHRÁITE 2014 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| BARRACHAS DON TRÉIMHSE AIRGEADAIS | | 252,020 | 465,613 |
| CAILLTEANAIS Ó THAITHÍ AR AN SCÉIM PINSIN | 28(F) | 901,000 | 1,130,000 |
| ATHRUITHE AR THOIMHDÍ AR A BHFUIL LUACH REATHA DHLITEANAIS NA SCÉIME PINSIN BUNAITHE | | (7,605,000) | - |
| (CAILLTEANAIS)/GNÓTHACHAIN ACHTÚIREACHA AR DHLITEANAIS PINSIN | | (6,451,980) | 1,595,613 |
| COIGEARTÚ AR MHAOINIÚ IARCHURTHA PINSIN | 28(E) | 6,704,000 | (1,130,000) |
| IONCAM CUIMSITHEACH IOMLÁN DON BHLIAIN | | 252,020 | 465,613 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1-30.

**Gordon Clark**

Cathaoirleach

**Padraig Walsh**

Príomhfheidhmeannach

# 6. RÁITEAS AR STAID AIRGEADAIS AMHAIL AR 31 NOLLAIG 2015

| | NÓTA | AMHAIL AR<br>31 NOLLAIG 2015<br>€ | ATHRÁITE AMHAIL AR<br>31 NOLLAIG 2014<br>€ |
|---|---|---|---|
| SÓCMHAINNÍ SEASTA | | | |
| MAOIN, INNEALRA AGUS TREALAMH | 18 | 2,851,861 | 3,530,415 |
| | | | |
| SÓCMHAINNÍ REATHA | | | |
| INFHÁLTAIS | 19 | 1,547,722 | 1,958,260 |
| AIRGEAD AGUS A CHOIBHÉISÍ | | 997,622 | 719,755 |
| | | 2,545,344 | 2,678,015 |
| CREIDIÚNAITHE (MÉIDEANNA A BHEITH DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN) | | | |
| INÍOCTHA | 20 | (1,260,182) | (1,458,951) |
| GLANSÓCMHAINNÍ REATHA | | 1,285,162 | 1,219,064 |
| | | | |
| ÍOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS REATHA | | 4,137,023 | 4,749,479 |
| SOLÁTHAR LE HAGHAIDH DLITEANAS AGUS TÁILLÍ | 27 | (400,000) | (585,922) |
| ÍOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ LÚIDE DLITEANAIS ROIMH PHINSIN | | 3,737,023 | 4,163,557 |
| | | | |
| MAOINIÚ PINSIN IARCHURTHA | 28(e) | 34,461,000 | 26,200,000 |
| DLITEANAIS PINSIN | 28(e) | (34,461,000) | (26,200,000) |
| GLANSÓCMHAINNÍ | | 3,737,023 | 4,163,557 |
| | | | |
| ARNA N-IONADÚ AG | 21 | 2,851,861 | 3,530,415 |
| CUNTAS CAIPITIL | | 885,162 | 633,142 |
| CÚLCHISTÍ IONCAIM COIMEÁDTA | | 3,737,023 | 4,163,557 |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1-30.



**Gordon Clark**

Cathaoirleach



**Padraig Walsh**

Príomhfheidhmeannach

# 7. RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

| | NÓTA | 2015 | ATHRÁITE<br>2014 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| RÉITEACH AN BHARRACHAIS LEIS AN NGLAN-AS-SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN | | | |
| BARRACHAS DON TRÉIMHSE | | 252,020 | 465,613 |
| GLUAISEACH I GCUNTAS CAIPITIL | 21 | (678,554) | (633,902) |
| DÍMHEAS | 17 | 835,940 | 828,635 |
| LAGHDÚ/(MÉADÚ) AR INFHÁLTAIS | 19 | 410,538 | (439,310) |
| (LAGHDÚ) I NITHE INÍOCTHA | 20 | (198,769) | (719,786) |
| (LAGHDÚ)/MÉADÚ AR AN SOLÁTHAR | 27 | (185,922) | 585,922 |
| ÚS BAINC FAIGHTE | | (713) | (1,564) |
| GLAN-EAS-SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN | | 434,540 | 85,608 |
| | | | |
| RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID | | | |
| GLAN-EAS-SREABHADH AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN | | 434,540 | 85,608 |
| SREAFAÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA | | | |
| ÍOCAÍOCHTA CHUN SÓCMHAINNÍ SEASTA A CHEANNACH | 18 | (157,386) | (194,733) |
| SREAFAÍ AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ MAOINITHE | | | |
| ÚS BAINC FAIGHTE | | 713 | 1,564 |
| GLANMHÉADÚ/(LAGHDÚ) AR AIRGEAD AGUS COIBHÉISÍ AIRGID | | 277,867 | (107,561) |
| | | | |
| AIRGEAD AGUS COIBHÉISÍ AIRGID AG TÚS NA BLIANA | | 719,755 | 827,316 |
| MÉADÚ/(LAGHDÚ) AR AIRGEAD AGUS COIBHÉISÍ AIRGID | | 277,867 | (107,561) |
| AIRGEAD AGUS COIBHÉISÍ AIRGID AG DEIREADH NA BLIANA | | 997,622 | 719,755 |

# 8. NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Leagtar amach thíos an bonn cuntasaíochta agus beartais shuntasacha cuntasaíochta a ghlac an QQI. Cuireadh iad uile i bhfeidhm go comhsheasmhach ó cheann ceann na bliana agus sa bhliain roimhe.

### A) Ginearálta

Bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (an QQI) an 6 Samhain 2012 faoi Alt 7 den Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint), 2012.

Is iad seo a leanas cuspóirí an QQI:

- Cáilíocht sholáthraithe breisoideachais agus ardoideachais agus oiliúna agus a gcuid seirbhís taighde agus seirbhísí gaolmhara a dhearbhú.
- An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí a chur ar aghaidh, a fhorbairt agus a chothabháil.
- Cláir a bhailíochtú agus dámhachtainí a dhéanamh.
- An pobal a chur ar an eolas maidir le cáilíocht na gclár agus na gcáilíochtáí oideachais agus oiliúna
- Comhairle a chur ar an Aire i dtaca le beartas náisiúnta ar dhearbhú agus feabhsú cáilíochta i gcúrsaí oideachais agus oiliúna

Maidir le heagraíochtaí múinte an Bhéarla (ELTOnna), déanann an QQI Comhordú Seirbhísí Béarla (ACELS) a chreidiúnú. Is scéim dheonach náisiúnta é seo d'eagraíochtaí mhúineadh an Bhéarla agus is seirbhís neamhreachtúil den QQI é, a ngabhfaidh an Marc Idirnáisiúnta Oideachais a háit ar ball. Foráiltear le haghaidh bhunú agus cur chun feidhme an Mhairc Idirnáisiúnta Oideachais (IEM) faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012.

Bhí tionchar ag cás Ard-Chúirte i Nollaig 2014 maidir le réimse beartais gaolmhar na rialachán idirnáisiúnta maidir le hinimirce mac léinn ar an sceideal a bhí ceaptha leis an IEM a chur i ngníomh. B'éigean scrúdú breise a dhéanamh ar Acht 2012, dá bharr, le cinntiú go bhfuil na boinn ar a dtabharfar an IEM isteach daingean a ndóthain. Tá caidreamh leanúnach ann idir an QQI agus an Roinn Oideachais agus Scileanna maidir leis an IEM agus tá beartaithe é a thabhairt isteach a luaithe is féidir.

### B) Ráiteas Comhlíonta

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an QQI don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais is infheidhme sa RA agus in Éirinn, arna n-eisiúint ag an Financial Reporting Council (FRC), mar atá fógartha ag Cuntasóirí Cairte Éireann. Seo é an chéad sraith de ráitis airgeadais de chuid an QQI a ullmhaíodh de réir FRS 102. Ba é 1 Eanáir 2014 dáta an aistrithe go FRS 102. Rinneadh ráitis airgeadais na bliana roimhe sin a athrá le haghaidh coigeartaithe abhartha ar ghlacadh FRS 102 sa bhliain reatha. Tá toradh an ghlactha seo le feiceáil i Nóta 2.

## C) An Bonn Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, ach amháin i gcás sócmhainní agus dliteanas airithe a thomhaistear mar luacha cóir, mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos.

Tá na Ráitis Airgeadais san fhoirm a cheadaigh an tAire Oideachais agus Scileanna le comhaontú an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, faoin Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais in Euro, arb é sin airgeadra feidhmiúil an QQI. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach sa déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha maidir le ráitis airgeadais an QQI.

## D) Ioncam

Aithnítear ioncam de ghnáth ar bhonn fabhruithe; eisceacht amháin air seo is ea an Deontas Oireachais a aithnítear ar bhonn fáltas airgid.

## E) Ioncam Ó Tháillí

Is ionann ioncam a thaispeántar sna ráitis airgeadais faoi Ioncam ó Tháillí agus méideanna a sonrascadh do thríú páirtithe sa ghnáthchúrsa gnó.

## F) Forbairt Bogearraí

Caitear le costais forbartha bogearraí ar mhórchórais ar mhíreanna caipitil agus díscríobhtar iad thar thréimhse a saolré ionchais ó dháta a gcur chun feidhme.

## G) Maoin, Innealra Agus Trealamh

Déantar maoin, innealra agus trealamh a rá ag costas lúide dímheas carntha, coigeartaithe le haghaidh aon soláthar maidir le lagú. Déantar soláthar le haghaidh dímheas ar gach maoin, innealra agus trealamh ag rátaí a mheastar a dhíscríobhfaidh an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne ar bonn líne dírí thar a saolré ionchais eacnamaíoch, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh Léasacha (Lána Denzille) | Thar thréimhse léasa 21 bliain |
| Áitreabh Léasach (Páirc Ghnó na Rinne Thoir) | 5.25% |
| CBL chaipitlithe ar Léas | Thar thréimhse léasa 21 bliain |
| Crua-earraí Ríomhaireachta | 33.33% |
| Bogearraí Ríomhaireachta | 12.5% |
| Trealamh Oifige | 20% |
| Troscán Oifige | 10% |
| Daingneáin, Feisteas & Teileafón (Gníomhaireachtaí Oidhreachta) | 10% |

Breithnítear gach bliain luach iarmharach agus saolré ionchais na sócmhainní seasta ar thóir táscairí a léireodh athrú orthu. I gcás ina mbíonn táscairí dá sórt ann, déanfar athbhreithniú ar an luach iarmharach, modh dímheasa agus saolré ionchais, agus leasófar iad más gá. Cuirtear athruithe ar rátaí dímheasa ag éirí as an athbhreithniú seo san áireamh go hionchasach thar saolré ionchais fanta na sócmhainní.

## H) Deontais Chaipitil

Aithnítear deontais chaipitil a fhaigheann an QQI mar dhliteanas agus scaoiltear isteach in ioncam iad thar shaolré ionchais na sócmhainní lena mbaineann.

## I) Airgead Agus Coibhéisí Airgid

Is éard atá i gceist in airgead ar láimh agus taiscí éilimh.

## J) Airgeadraí Iasachta

Déantar idirbhearta a éiríonn in airgeadraí coigríche a aistriú go dtí an Euro de réir na rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dhátaí na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta a ainmnítear in airgeadraí coigríche a aistriú go dtí an Euro de réir rátaí malairte atá i bhfeidhm ar dháta an chláir chomhardaithe nó ar rátaí conarthaí réamhcheannacháin nuair is ann do chonarthaí den sórt sin.

## K) Sochair D'fhostaithe

### Sochair Ghearrthéarmacha

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, dála pá saoire mar chostas sa bhliain, agus áirítear i bhfigiúr na nIníoctha sa Raiteas ar an Staid Airgeadais sochair atá carntha ag deireadh bliana.

### Sochair Scoir

Tá scéim pinsin sochair shainithe ranníocaíochtaí i bhfeidhm ag an QQI, a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead a sholáthraíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ó ranníocaíochta a asbhaintear ó thuarastail foirne. Anuas air sin, oibríonn an QQI Scéim Pinsin Aonair Seirbhíse Poiblí ("Scéim Aonair"), ar scéim sochair shainithe é, do sheirbhísigh phoiblí inphinsin a ceapadh ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013. Íoctar ranníocaíochtaí bhaill na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Léiríonn costais pinsin na sochair pinsin a thuilleann fostaithe sa tréimhse agus taispeántar iad glan ar ranníocaíochtaí pinsin foirne a chuirtear ar aghaidh chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna. Aithnítear méid atá comhionann leis an muirear pinsin mar ioncam mhéid atá sé in-aisghafa, agus frith-áirithe ag deontais a fuarthas sa bhliain chun íocaíochtaí pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain agus dliteanais ar dhliteanais scéim sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is inaisghafa ón Roinn Oideachais agus Scileanna.

Léiríonn na ráitis airgead, ag luach cóir, sócmhainní agus dliteanas ag éirí as oibleagáidí pinsin an QQI agus aon mhaoiniú gaolmhar, agus aithnítear iontu an costas a ghabh le sochair pinsin a sholáthar sna tréimhsí cuntasaíochta ina ndearna fostaithe iad a thuilleamh. Tomhaistear dliteanais pinsin ar bhonn achtúireach leis an modh aonaid réamh-mheasta.

## L) Infháltais

Aithnítear infháltais ar luach cóir, lúide soláthar d'fhiachas amhrasta. Is soláthar ar leith é an soláthar d'fhiachas amhrasta, agus bunaítear é i gcás ina bhfuil fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an QQI in ann gach méid atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht sa soláthar d'fhiachas amhrasta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus sna Cúlchistí Coimeádta Ioncaim.

## M) Dliteanais Airgeadais Eile

Tomhaistear creidiúnaithe trádála ar luach an tsonraisc, ach amháin má chuirtear an íocaíocht ar aghaidh lastall de na gnáth-théarmaí gnó nó ina bhfuil sé á mhaoiniú ag ráta úis nach é an ráta margaidh é. Sa chás seo, is ionann agus socrú agus idirbheart airgeadais, agus tomhaistear an dliteanas airgeadais ag luach reatha na n-íocaíochtaí todhchaí lascainithe ag an ráta margaidh úis d'ionstraim fiachais den sórt céanna.

## N) Léasaí Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas ar chíos faoi léasaí oibriúcháin sa Ráiteas Caiteachais agus Ioncaim agus sna Cúlchistí Coimeádta Ioncaim thar shaol an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhírí thar thréimhse an leása, ach amháin i gcás méaduithe ar chíos atá nasctha leis an ráta ionchais boilscithe; sa chás sin aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad. Aithnítear aon dreasachtaí léasa thar shaolré an léasa.

## O) Breithiúnais Agus Measachtaín Chuntasaíochta Criticiúla

Chun na ráitis airgeadais a ullmhú, is gá don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhde a dhéanamh a dhéanann difear do na méideanna a tuairiscíodh do shócmhainní agus do dhliteanais amhail ar dháta an chláir chomhardaithe agus na méideanna a tuairiscíodh d'fháltais agus do chostais i gcaitheamh na bliana. Ach ciallaíonn nádúr an mheastacháin gur féidir nach ionann na meastacháin sin agus na torthaí iarbhír. Seo a leanas na meastacháin is mó a raibh tionchar acu ar mhéideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

a. Saolréanna maidir le dímheas maoine, innealra agus trealaimh a bhunú
   Cuid shuntasach de na sócmhainní iomlána is ea na sócmhainní fadsaoil, comhdhéanta de mhaoin, innealra agus trealamh. Braitheann an muirear bliantúil dímheasa go príomha ar shaolréanna measta gach cineál sócmhainne agus ar mheastacháin de na luachanna iarmharacha. Déanann an QQI athbhreithniú rialta ar shaolré na sócmhainní seo agus athraítear iad de réir mar is gá chun léiriú a thabhairt ar na tuairimí reatha ar an saolré atá fanta i bhfianaise an úsáid eacnamaíoch a mheastar a bhainfear astu agus staid fhisiciúil na sócmhainní i dtrácht. Is féidir go mbeidh tionchar suntasach ag athruithe ar shaolréanna sócmhainní ar mhuirir dímheasa sa tréimhse. Áirítear sonraí na saolréanna ionchais sna beartais chuntasaíochta.
b. Soláthar
   Aithnítear soláthar nuair a bhíonn oibleagáid reatha dlíthiúil nó cuiditheach ag an QQI de bharr imeachtaí san am atá caite; is dócha go mbeidh as-sreabhadh acmhainní de dhíth chun oibleagáid a ghlanadh; agus is féidir méid na hoibleagáide a mheas ar shlí iontaofa.
c. Teagmhais
   Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha, ag éirí as imeachtaí san am atá caite, nuair (i) nach dócha go mbeidh as-sreabhadh acmhainní nó gur féidir an méid a thomhas ar shlí iontaofa ag an dáta tuairiscithe nó (ii) nuair a dheimhneofar cibé an bhfuil sé ann nó nach bhfuil le himeachtaí éiginnte todhchaí a tharlóidh nó nach dtarlóidh, imeachtaí nach bhfuil go hiomlán faoi smacht an QQI. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin más éadócha go mbeidh gá le has-sreabhadh acmhainní.

Ní dhéantar soláthar le haghaidh sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dócha go mbeidh insreabhadh sochar eacnamaíoch ann.

## 2.AN TAISTRIÚ GO CAIGHDEÁN TUAIRISCITHE AIRGEADAIS (FRS) 102

| IMRÉITEACH CAIPITIL AGUS CÚLCHISTÍ | NÓTA | AMHAIL AR 1 EANÁIR 2014 | AMHAIL AR 31 NOLL 2014 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ (MAR A LUADH CHEANA) | | 4,502,509 | 4,344,848 |
| FABHRÚ PÁ SAOIRE | (A) | (170,663) | (181,291) |
| CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ (ATHLUAITE) | | 4,331,846 | 4,163,557 |

| IMRÉITEACH AN BHARRACHAIS DON BHLIAIN | NÓTA | AN BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLL 2014 |
|---|---|---|
| | | € |
| BARRACHAS DON BHLIAIN (MAR A LUADH CHEANA) | | 476,241 |
| FABHRÚ PÁ SAOIRE | (A) | (10,628) |
| BARRACHAS DON BHLIAIN (MAR A LUADH CHEANA) | | 465,613 |

### (a) Fabhrú pá saoire

